*Uimhir* 32 *de* 1994

# Acht Roghchoiste um Reachtaíocht agus Slándáil Dháil Éireann (Pribhléid agus Díolúine), 1994

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 32 *de* 1994

# ACHT ROGHCHOISTE UM REACHTAÍOCHT AGUS SLÁNDÁIL DHÁIL ÉIREANN (PRIBHLÉID AGUS DÍOLÚINE), 1994

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Mínithe.
2. Pribhléidí agus díolúintí finnéithe, etc. os comhair an choiste
3. Cearta etc. finnéithe agus daoine eile a chosaint.
4. Fochoiste.
5. Gearrtheideal, tosach feidhme agus scor.

AN SCEIDEAL

*Uimhir* 32 *de* 1994

# ACHT ROGHCHOISTE UM REACHTAÍOCHT AGUS SLÁNDÁIL DHÁIL ÉIREANN (PRIBHLÉID AGUS DÍOLÚINE), 1994

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH FORÁLA MAIDIR LE PRIBHLÉID AGUS DÍOLÚINE FINNÉITHE OS COMHAIR ROGHCHOISTE UM REACHTAÍOCHT AGUS SLÁNDÁIL DHÁIL ÉIREANN I gCOMHLÍONADH FEIDHMEANNA ÁIRITHE DÁ CHUID AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[14 *Nollaig* 1994]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—**San Acht seo— Mínithe.

ciallaíonn "an coiste" Roghchoiste um Reachtaíocht agus Slándáil Dháil Éireann le linn dó a bheith ag gabháil do chomhlíonadh na bhfeidhmeanna a shonraítear i ndáil leis in ordú de chuid Dháil Éireann arna dhéanamh an 6ú lá de Nollaig 1994, a bhfuil an téacs den ordú sin leagtha amach sa *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo, nó aon fheidhm eile a bhaineann leis na feidhmeanna sin a shonraítear i ndáil leis in ordú de chuid Dháil Éireann;

folaíonn "doiciméad" rud;

folaíonn "fianaise" tuairim, creideamh, intinn nó líomhain a chur in iúl.

**2.—**(1) Aon duine a mbeidh a fhianaise nó a fianaise tugtha, á tabhairt nó le tabhairt os comhair an choiste, nó a thabharfaidh doiciméad ar aird don choiste nó a chuirfidh doiciméad chuig an gcoiste, ar iarraidh a fháil uaidh, beidh sé nó sí i dteideal na bpribhléidí céanna agus na ndíolúintí céanna amhail is dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte é nó í an duine agus beidh an doiciméad faoi phribhléid. Pribhléidí agus díolúintí finnéithe, etc. os comhair an choiste.

(2) Ní dhéanfar pribhléidí ná díolúintí duine faoi *fho-alt (1)* a laghdú de bhíthin na nithe seo a leanas—

(*a*) go bhfuil daoine den phobal i láthair ag an suí lena mbaineann den choiste,

(*b*) go bhfuil imeachtaí an choiste á gcraoladh don phobal nó do chuid den phobal ar an raidió nó ar an teilifís nó ar mhodh eile nó go bhfuil siad á dtaifeadadh chun na críche sin,

(*c*) go bhfoilsítear tuarascálacha ar na himeachtaí don phobal nó do chuid den phobal ar mhodh ar bith, nó

(*d*) go bhfuil daoine i láthair ag suíonna den choiste chun tuarascálacha ar a imeachtaí a ullmhú lena bhfoilsiú ar mhodh ar bith.

(3) Ní bheidh ráiteas ná admháil a dhéanfaidh duine os comhair an choiste, ná doiciméad a thabharfaidh duine ar aird don choiste nó a sheolfaidh sé nó sí chuig an gcoiste, ar iarraidh a fháil uaidh, inghlactha mar fhianaise i gcoinne an duine in aon imeachtaí coiriúla agus forléireofar *fo-alt (1)* agus beidh éifeacht leis, dá réir sin.

Cearta, etc. finnéithe agus daoine eile a chosaint.

**3.**—Déanfaidh an coiste gach beart is gá, i dtuairim an choiste, chun dea-chlú, carachtar agus cearta bunreachtúla eile na bhfinnéithe agus daoine eile a chosaint agus a shuíomh.

Fochoiste.

**4.**—(1) Féadfaidh Roghchoiste um Reachtaíocht agus Slándáil Dháil Éireann (dá ngairtear "an coiste" san alt seo) fochoiste a cheapadh ar a mbeidh cibé comhaltaí den choiste a chinnfidh sé.

(2) Déanfaidh fochoiste arna cheapadh faoi *fho-alt (1)* den alt seo, má iarrann an coiste amhlaidh, na feidhmeanna dá dtagraítear i *bhfo-alt 1* den Acht seo a chomhlíonadh seachas an coiste a bheith á gcomhlíondh; agus, i ndáil le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin ag fochoiste den sórt sin, beidh feidhm ag an Acht seo agus beidh éifeacht leis fairis an modhnú go bhforléireofar tagairtí san Acht seo (seachas *alt 1*) don choiste mar thagairtí don fhochoiste sin agus fara aon mhodhnuithe eile is gá.

Gearrtheideal, tosach feidhme agus scor.

**5.**—(1) Féadfar Acht Roghchoiste um Reachtaíocht agus Slándáil Dháil Éireann (Pribhléid agus Díolúine), 1994 a ghairm den Acht seo.

(2) Má bheartaíonn Dáil Éireann go dtiocfaidh an tAcht seo i ngníomh lá a shonraítear sa rún, tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh an lá sin.

(3) Má bheartaíonn Dáil Éireann go scoirfidh an tAcht seo de bheith i ngníomh amhail ar an agus ón lá a shonraítear sa rún, scoirfidh an tAcht seo de bheith i ngníomh amhail ar an agus ón lá sin.

*Alt 1.*

AN SCEIDEAL

*Ordú Dháil Éireann arna dhéanamh an 6 Nollaig, 1994*

"(1) Go ndéanfar Buan-Orduithe Dháil Éireann i dtaobh Gnó Phoiblí a fhionraí inniu de bhun Bhuan-Ordú 143 chun na gcríoch áirithe arb éard iad ráitis a éisteacht agus ceisteanna comhaltaí chun an Taoisigh agus chun gach Aire a raibh baint aige nó aici le cruinnithe Airí an 11, an 13 agus an 14 Samhain 1994 a fhreagairt, maidir leis na himthosca a bhain leis na nithe seo a leanas:

(*a*) ceapachán Uachtarán na hArd-Chúirte Dé hAoine, an 11 Samhain 1994;

(*b*) an iarraidh ar an Domhnach, an 13 Samhain 1994, ón Taoiseach agus ón Aire Dlí agus Cirt ar an Ard-Aighne chun na sonraí ar fad a bhain le cás Brendan Smyth a athscrúdú;

(*c*) an iarraidh líomhnaithe ón Taoiseach ar Uachtarán na hArd-Chúirte an tráth sin éirí as Dé Luain, an 14 Samhain 1994;

(*d*) an dréachtfhreagra agus an litir chlúdaigh a sholáthair an tArd-Aighne don Taoiseach roimh dhíospóireacht na Dála Dé Máirt, an 15 Samhain 1994, maidir le saincheist réamhfheidhmiú alt 50 den Acht um Eiseachadadh (Leasú), 1987, agus maidir le gach duine a bhí bainteach leis an dréachtfhreagra agus leis an litir chlúdaigh nó a cheadaigh an céanna a chéannú; agus

(*e*) gach duine de na daoine sin a raibh baint aige nó aici le hullmhú an aithisc ón Taoiseach don Dáil, Dé Máirt, an 15 Samhain 1994 a chéannú; agus

(2) go dtabharfar na himeachtaí sin chun críche ag 10.30 p.m. anocht agus go mbeidh feidhm ag na socruithe seo a leanas;

(*a*) suífidh an Dáil níos déanaí ná 8.30 p.m. anocht agus is ag 10.30 p.m. a stopfar an gnó;

(*b*) ní rachaidh ráiteas an Taoisigh, an Tánaiste, cheannairí Pháirtí Fhine Gael, Pháirtí an Lucht Oibre, an Pháirtí Dhaonlathaigh agus Pháirtí an Daonlathais Chlé thar 30 nóiméad i ngach cás;

(*c*) ní rachaidh ráitis ó chomhaltaí eile thar 20 nóiméad i ngach cás: ar choinníoll go bhféadfaidh comhaltaí an t-am a roinnt;

(3) ar na ráitis a chríochnú go ndéanfar na nithe dá dtagraítear i mír (1) a tharchur chuig an Roghchoiste um Reachtaíocht agus Slándáil chun gach duine is cuí leis an gCoiste a cheistiú. Tiocfaidh an Coiste le chéile ag 10.30 a.m., Dé Céadaoin, an 7 Nollaig agus tabharfaidh sé tuarascáil do Dháil Éireann, Déardaoin, an 8 Nollaig a fhad is gá; agus

(4) ar an ngnó a chríochnú go rachaidh an Dáil ar athló go dtí 10.30 a.m. Déardaoin seo chugainn.".

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. 107774. 42. 6/23. Essentra. (93676). Gr.30-15.

9 781399 303781